Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11119/26**

**ECOFIN 909**
**UEM 313**
**SOC 438**
**EMPL 240**
**COMPET 853**
**ENV 829**
**EDUC 295**
**ENER 451**
**JAI 889**
**GENDER 126**
**JEUN 169**
**SAN 527**
***EIB***
***ECB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na hÉireann |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréacht-Mholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle agus mar a chuir an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais bailchríoch air, bunaithe ar thogra COM (2026) 207 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na hÉireann**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

---

1 Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, chomh maith le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ar na nithe atá i gceist leis an Seimeastar Eorpach, tá foirmiú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin, go háirithe.

(2) An 25 Samhain 2025 ghlac an Coimisiún tuairim maidir le dréachtphlean buiséadach na hÉireann don bhliain 2026. An dáta céanna, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár shainaithin an Coimisiún inti go bhfuil Éire ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ina teannta sin, ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[2] an 21 Aibreán 2026, agus ghlac sí an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le caipiteal daonna an 9 Márta 2026.

(3) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann gur colúin chriticiúla ó thaobh an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe de na trí riachtanas chlaochlaitheacha seo a leanas – an nuálaíocht, an dícharbónú agus an t-iomaíochas, agus an tslándáil. Ó foilsíodh é, tá an Compás Iomaíochais ina bhun eolais d'obair an tSeimeastair Eorpaigh, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Aontais, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

---

[2] IO C, C/2026/2434, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj.

(4) In 2026, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis i gcomhthráth leis an gcéim dheiridh de chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta[3]. Pleananna téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le cistiú faoin mbeartas comhtháthaithe, bhí siad ríthábhachtach maidir leis na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é gur ghá aghaidh a thabhairt go héifeachtach sna pleananna ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le linn na dtimthriallacha a bhí ann le déanaí, nó ar sciar nach beag de na dúshláin sin, agus gur ghá moltaí tírshonracha a chur san áireamh sna cláir a cistíodh faoin mbeartas comhtháthaithe Eorpach. Agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag druidim le deireadh a saolré, tá sé ríthábhachtach i gcónaí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a dtacaítear leo agus a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a choinneáil ar bun agus tógáil orthu, go háirithe iad siúd a rannchuidíonn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha.

(5) An 3 Meitheamh 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2026 maidir le hÉirinn. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag Éirinn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha 2025 agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÉireann a mheas. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag Éirinn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na hÉireann ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna, laghdú na bochtaineachta agus laghdú an eisiata shóisialta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

---

3 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

(6) An 10 Márta 2026, tar éis an mheasúnaithe agus an mholta ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na hÉireann ó mhí Eanáir 2026[4]. Leis an bplean, a cuireadh isteach de bhun Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2024/1263, cumhdaítear an tréimhse ó 2026 go 2030 agus socraítear srian buiséadach i bhfoirm uasráta fáis glanchaiteachais thar 5 bliana. Mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas: 6,6 % in 2026, 6,0 % in 2027, 7,6 % in 2028, 6,7 % in 2029 agus 6,4 % in 2030, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir na bonnbhliana 2024, mar atá 16,5 % in 2026, 23,5 % in 2027, 32,9 % in 2028, 41,7 % in 2029 agus 50,9 % in 2030. Cuireadh an moladh sin in ionad Mholadh an 21 Eanáir 2025[5]. Mar sin féin, na huasrátaí fáis glanchaiteachais a socraíodh ann le haghaidh na bliana 2025, is é sin 5,1 % go bliantúil agus 15,4 % go carnach faoi threoir na bonnbhliana 2023, tá siad fós ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht go dtí 2025 agus an bhliain sin san áireamh.

(7) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa nach beag ar chaiteachas cosanta a bhaint amach[6] agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025. Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh go fóill, tráth ar bith go dtí 2028, go ndéanfaí an clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú má chomhlíonann siad na critéir a shocraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/1263.

---

[4] Moladh ón gComhairle an 10 Márta 2026 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na hÉireann (IO C, C/2026/1812, 20.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/1812/oj).

[5] Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na hÉireann (IO C, C/2025/667, 10.2.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2025/667/oj).

[6] Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Freastal ar chaiteachas cosanta méadaithe laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis', an Bhruiséil, an 19 Márta 2025, C(2025) 2000 final.

(8) An 30 Aibreán 2026, chuir Éire Tuarascáil Bhliantúil 2026 ar Dhul Chun Cinn[7] isteach maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na hÉireann i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

(9) In 2025, ba é 12,3 % a bhí san fhás fíor-OTI agus ba é 2,1 % a bhí i mboilsciú ICPT. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go laghdóidh an fíor-OTI faoi 1,2 % in 2026 agus go bhfásfaidh sé faoi 3,4 % in 2027, agus go mbeidh boilsciú ICPT 3,5 % ann in 2026 agus 2,6 % in 2027.

(10) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[8], tháinig laghdú ar bharrachas rialtais ghinearálta na hÉireann ó bharrachas 4,1 % de OTI in 2024 go barrachas 1,8 % de OTI in 2025. Den chuid is mó, léiríonn an laghdú ar an mbarrachas in 2025 an easpa ioncaim ard aonuaire a chonacthas in 2024. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta faoi scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún barrachas 1,4 % de OTI in 2026 agus 1,2 % de OTI in 2027. Moill ar fhás ioncaim agus méaduithe láidre réamh-mheasta ar chaiteachas maidir le pá san earnáil phoiblí, sochair shóisialta agus infheistíocht phoiblí is mó a léiríonn na laghduithe ar an mbarrachas in 2026 agus 2027.

---

7 Tá Tuarascálacha Bliantúla 2026 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en?prefLang=ga.

8 Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Aibreán 2026.

(11) Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[9], lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí sí neodrach den chuid is mó in 2025. Réamh-mheastar go mbeidh sí neodrach den chuid is mó in 2026 agus 2027 araon.

(12) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[10], tháinig laghdú ar fhiachas rialtais ghinearálta na hÉireann ó 38,3 % de OTI ag deireadh 2024 go 32,9 % de OTI ag deireadh 2025. Den chuid is mó, léiríonn an laghdú ar an gcóimheas idir fiachas agus OTI in 2025 fíorfhás láidir an gheilleagair agus an barrachas buiséid a baineadh amach. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go laghdóidh an cóimheas idir fiachas agus OTI go 32,4 % faoi dheireadh 2026 agus go laghdóidh sé a thuilleadh go 31,6 % faoi dheireadh 2027.

(13) Ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, 0,2 % de OTI a bhí i gcaiteachas iomlán rialtais ghinearálta na hÉireann ar chosaint in 2025 agus réamh-mheastar go mbeidh sé ag an leibhéal céanna in 2026.

---

[9] Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm di measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an acmhainneacht fáis mheántéarmaigh agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

[10] Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Aibreán 2026.

(14) Tá rioscaí fós roimh an Aontas maidir le suaitheadh sa soláthar fuinnimh agus luaineacht ardaithe praghsanna, rud atá níos measa mar gheall ar theannas geopholaitiúil a dhéanann difear do mhargaí domhanda ola agus gáis. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim fuinnimh 2022-2023 go mbaineann costais fhioscacha mhóra le bearta leathana neamh-spriocdhírithe agus go bhfuil siad neamhéifeachtúil go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ó thosaigh an cogadh sa Mheánoirthear i mí Feabhra 2026, tá bearta beartais fhioscaigh glactha ag Éirinn chun an tionchar atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí a mhaolú[11]. Ar na bearta sin tá laghdú neamh-spriocdhírithe ar dhleachtanna máil agus tobhach na Gníomhaireachta Náisiúnta Cúltaca Ola (NORA) go dtí mí Iúil 2026, an méadú cánach carbóin a chur siar go dtí mí Dheireadh Fómhair 2026, fóirdheontais spriocdhírithe don earnáil iompair go dtí mí na Bealtaine 2026 agus don earnáil talmhaíochta go dtí mí Iúil 2026, agus aistrithe sóisialta spriocdhírithe chuig teaghlaigh ar ioncam íseal i mí Aibreáin 2026. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gurb é 0,1 % de OTI a bheidh i gcostas fioscach na mbeart sin in 2026. De réir mheastacháin an Choimisiúin, dá leanfadh na bearta sin de bheith i bhfeidhm go dtí deireadh 2026, is é 0,3 % de OTI a bheadh sa chostas fioscach a bhaineann leo sa bhliain sin.

(15) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, d’fhás an glanchaiteachas in Éirinn faoi 6,7 % in 2025 agus is fás carnach 15 % a bhí ann in 2024 agus 2025. Tá an fás glanchaiteachais in 2025 os cionn an uasráta fáis a mhol an Chomhairle i mí Eanáir 2025, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall beagán os cionn 0,3 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais faoi bhun an uasráta fáis a moladh. An tráth céanna, mar a luaitear, bhí barrachas sa riocht buiséadach le haghaidh 2025, agus bhí an fiachas rialtais ghinearálta faoi bhun 60 % de OTI.

[11] Is léiriú é sin ar an gcás ag scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún (an 4 Bealtaine 2026).

(16) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas in Éirinn faoi 6,1 % in 2026 agus gur fás carnach 13,2 % a bheidh ann in 2025 agus 2026. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2026 faoi bhun an uasráta fáis a mhol an Chomhairle i mí an Mhárta 2026. Agus 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach réamh-mheasta an ghlanchaiteachais faoi bhun an uasráta fáis a moladh freisin.

(17) Is contúirt do chobhsaíocht an airgeadais phoiblí i gcónaí é spleáchas ioncam rialtas na hÉireann ar chánachas corparáideach ó fhiontair ilnáisiúnta faoi úinéireacht eachtrach. Is ó líon measartha beag cuideachtaí móra san earnáil cógaisíochta agus san earnáil TFC a thagann an t-ioncam ard as an ngnáth a fhaightear de bharr cáin ioncaim chorparáideach (CIC), agus meastar gur ioncam amhantair atá i gcuid mhór de na fáltais, i.e. is mó é ná an méid arb í an ghníomhaíocht eacnamaíoch intíre is cúis leis. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go n-imreofaí an-tionchar ar ioncam CIC de bharr forbairtí idirnáisiúnta, athruithe ar an timpeallacht dhomhanda trádála agus cánach cuir i gcás. Is measaide na rioscaí a bhaineann le CIC na hidirnaisc idir an bonn cánach a bhaineann le CIC agus an bonn cánach a bhaineann le cáin ioncaim phearsanta, ós rud é go bhfuil cuideachtaí ilnáisiúnta faoi úinéireacht eachtrach ina rannchuiditheoirí ríthábhachtacha maidir le tuilleamh saothair freisin, agus dá bhrí sin, le hioncam cánach ioncaim. Ar mhaithe le rioscaí fioscacha a mhaolú, tá Éire ag cur cuid dá hioncam amhantair sa Chiste um Éire sa Todhchaí agus sa Chiste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra chun maoláin fhioscacha a fhorbairt. Mar sin féin, an chuid is mó d'fhuílleach an ioncaim amhantair, is de réir Phlean Fioscach-Struchtúrach Meántéarmach na hÉireann atá sí le caitheamh. Chun go laghdófar spleáchas an bhuiséid ar ioncam a d'fhéadfadh a bheith neamhbhuan, ba le leas na hÉireann é a cuid foinsí ioncaim buiséid a éagsúlú.

(18) Tá rioscaí fadtéarmacha fós ann maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach i réimse an chúraim sláinte. Tá Éire ar cheann de tíortha is airde caiteachas sláinte san Aontas, d'ainneoin go bhfuil daonra réasúnta óg agus réasúnta sláintiúil aici. Is contúirt don inbhuanaitheacht fhioscach iad neamhéifeachtúlachtaí struchtúracha, spleáchas mór an chórais ar chúram ospidéil costasach, agus inrochtaineacht theoranta an chúraim phríomhúil, cuir i gcás. Is measaide an méid sin an méadú atá ag teacht ar an mbrú de réir éilimh toisc an daonra a bheith ag dul in aois. Tá bearta srianta costais á gcur chun feidhme ag Éirinn i réimse an chúraim sláinte tríd an Tascfhórsa Táirgiúlachta agus Coigiltis; mar sin féin, na torthaí atá ann go dtí seo, tá a bhformhór neamhbhuan, agus ní hé gur fhág siad gur seachnaíodh róchaiteachas buiséid i réimse na sláinte in 2025. Thairis sin, tá gá le beart chun dlús a chur leis an aistriú i dtreo rochtain uilíoch ar chúram príomhúil, agus chun aghaidh a thabhairt an tráth céanna ar shrianta bonneagair agus ar ghanntanas dochtúirí. Tá Éire ag cur athchóirithe chun feidhme chun soláthar cúraim sláinte a dhílárú, ach ní dhearnadh ach dul chun cinn teoranta maidir leis an incháilitheacht a leathnú amach agus cur le hinrochtaineacht fhoriomlán an chúraim phríomhúil phoiblí.

(19) Rannpháirtíocht chórasach fhóinteach thráthúil na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile, tá sí sin ríthábhachtach i gcónaí maidir le húinéireacht leathan a áirithiú i leith chur chun feidhme rathúil ionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(20) In Éirinn, an luas atá faoi chur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, rud a chuimsíonn tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), is luas é atá chun tosaigh ar mheánluas cur chun feidhme an Aontais i gcás roghnú tionscadal agus íocaíochtaí araon . Tá sé tábhachtach an dlús atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun, agus tionchar na n-infheistíochtaí ar an láthair a uasmhéadú an tráth céanna. Tá Éire ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. An tráth céanna, ní mór d'Éirinn dlús a chur le cur chun feidhme an Chiste um Aistriú Cóir toisc go bhfuil acmhainní le heisíoc faoi dheireadh 2026. Na hinfheistíochtaí nua a shainaithin Éire ina hathbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais chomhtháthaithe, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann leis na cúig thosaíocht a sainaithníodh sa Rialachán maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma[12], tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar iad a chur in úsáid go tapa agus go héifeachtach.

(21) Tá roinnt dúshlán roimh Éirinn a bhaineann le táirgiúlacht an gheilleagair intíre, cistiú a mhéadú do chuideachtaí, infheistíocht mhiondíola dhíreach theoranta, spleáchas ar bhreoslaí iontaise, éileamh méadaitheach ó úsáideoirí móra fuinnimh, bonneagar fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh, iompar poiblí inbhuanaithe agus infhaighteacht bonneagair luchtaithe leictrigh. Tá dúshláin roimh Éirinn freisin a bhaineann le cleachtais talmhaíochta inbhuanaithe a chur chun feidhme, easnaimh a dhéanann difear do cháilíocht an uisce, sceitheadh uisce agus cóireáil fuíolluisce, agus dul chun cinn teoranta maidir le méadracht chiorclaíochta i gcomhair luach ábharach a choimeád sa gheilleagar intíre. Ar deireadh, tá dúshláin roimh Éirinn a bhaineann leis na nithe seo a leanas – an easpa dídine agus tithíocht inacmhainne agus shóisialta, srianta acmhainneachta ó thaobh na n-údarás áitiúil de maidir le tionscadail tithíochta a chur i gcrích agus ó thaobh earnáil na tógála cónaithe freisin, agus daoine faoi mhíchumas agus tuismitheoirí aonair a chuimsiú i margadh an tsaothair agus sa tsochaí.

[12] Rialachán (AE) 2025/1914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma.

(22) Is cuideachtaí ilnáisiúnta eachtracha is mó is cúis le táirgiúlacht cheannlíne láidir na hÉireann, agus tá táirgiúlacht gnólachtaí intíre – FBManna den chuid is mó – chun deiridh ar chuideachtaí ilnáisiúnta eachtracha agus ar a piaraí san Aontas. Maidir le geilleagar níos cothroime agus níos athléimní a thógáil, tá sé ríthábhachtach an acmhainneacht nuálaíochta intíre a neartú, rud a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis ó tharla athrú ag teacht ar an timpeallacht dhomhanda. Tá Éire ar cheann de na tíortha is ísle caiteachas poiblí T&F san Aontas, agus gan ach 0,2 % de OTI (0,4 % de OIN*[13]) i gceist leis; ar an taobh eile den scéal, tá T&F príobháideach comhchruinnithe go mór i ngnólachtaí atá faoi úinéireacht eachtrach, agus is tearc í infheistíocht na FBManna intíre. Is iad creidmheasanna cánach an phríomhionstraim tacaíochta poiblí i gcónaí le haghaidh T&F príobháideach in Éirinn. Cé gur ionstraim thábhachtach iad, is fearr mar a thabharfaí aghaidh ar riachtanais FBManna na hÉireann ach tuilleadh maoiniú díreach a bheith ann don taighde agus don nuálaíocht. An Plean Forbartha Náisiúnta athbhreithnithe agus an Plean Gníomhaíochta um Iomaíochas agus Táirgiúlacht a foilsíodh le déanaí, is pleananna iad lena bhfuil sé beartaithe cistiú agus tacaíocht mhéadaithe a thabhairt do T&F agus don nuálaíocht, idir phríobháideach agus phoiblí. Mar sin féin, tá cur chun feidhme iomlán agus tráthúil mar aon le méaduithe leanúnacha infheistíochta ríthábhachtach i dtaobh cumas nuálaíochta intíre na hÉireann a neartú.

(23) D’ainneoin an infheistíocht caipitil fiontair a bheith i gcomhréir, tríd agus tríd, le meán an Aontais, is iondúil gur lú cistí caipitil fiontair na hÉireann ná a macasamhail san Eoraip, rud a chuireann le hidirbhirt níos lú agus bearna nach beag ó thaobh maoiniú cothromais de i gcás gnólachtaí Éireannacha ar mian leo uas-scálú. I dtaca le hathlonnú gnólachtaí ardfháis a chosc, agus le cur leis an bhfás faoi thionchar intíre, tá sé tábhachtach aghaidh a thabhairt ar an mbearna uas-scálaithe sin. Cé gur éirigh go pointe le tionscnaimh státurraithe infheistíocht a shlógadh do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú, níl ach maoiniú cothromais teoranta á chur ar fáil ag infheisteoirí institiúideacha. Ach rannpháirtíocht infheisteoirí institiúideacha a chur chun cinn i gcaipiteal fiontair agus i gcothromas príobháideach, rannpháirtíocht i bhfoirm cistí pinsin go háirithe, is féidir caipiteal a shlógadh, agus cuidiú i dtaobh borradh a chur faoi infheistíocht i gcuideachtaí nuálacha, agus tacú le huas-scálú cuideachtaí.

13 Is rud é an t-ollioncam náisiúnta modhnaithe (OIN*) nach gcuirtear éifeachtaí an domhandaithe san áireamh ann, agus is léiriú níos cruinne ná OTI é ar chaighdeáin ioncaim chónaitheoirí na hÉireann.

(24) Maidir le rannpháirtíocht miondíola dírí i margaí caipitil laistigh den Aontas, tá leibhéal rannpháirtíochta na hÉireann ar cheann díobh sin is ísle. Is é is cúis leis sin den chuid is mó tosaíocht láidir a bheith á tabhairt do mheáin choigiltis thraidisiúnta, amhail taiscí bainc, táirgí árachais agus sócmhainní pinsin. Ina theannta sin, cuireadh bac ar infheistíocht de dheasca dídhreasachtaí cánach, agus toisc nárbh ann do chuntas tiomnaithe coigiltis agus infheistíochta. Tá dlús á chur le déanaí le hiarrachtaí beartais ar thuilleadh rannpháirtíocht teaghlaigh i margaí caipitil a spreagadh. Ach infheistíochtaí miondíola díreacha méadaithe a éascú, is féidir le teaghlaigh a ndeiseanna infheistíochta a leathnú, agus is féidir a gcoigiltis a dhíriú i dtreo infheistíocht tháirgiúil, rud a thacóidh le fás agus nuálaíocht ar deireadh.

(25) Táthar an-spleách ar bhreoslaí iontaise i gcónaí. Tá gealltanas tugtha ag Éirinn go mbainfidh sí spriocanna uaillmhianacha amach maidir le laghdú astaíochtaí, agus tá buiséid charbóin agus uasteorainneacha astaíochtaí earnálacha bunaithe aici, rudaí lena leagtar amach conairí soiléire laghdúcháin in aghaidh na hearnála. Bainfear é sin amach trí chur go mór le húsáid fuinnimh in-athnuaite go háirithe. Cé go bhfuil méadú tagtha ar an sciar den olltomhaltas fuinnimh deiridh arb ó fhoinsí in-athnuaite a eascraíonn sé, níl a oiread dul chun cinn á dhéanamh ag Éirinn agus a d’fhágfadh go mbainfeadh sí amach an sprioc náisiúnta atá ann maidir le 2030, is é sin gur laghdú 51 % a thiocfaidh ar na hastaíochtaí faoin mbliain sin i gcomparáid le leibhéil 2018. An sciar den mheascán fuinnimh arb ó bhreoslaí iontaise a eascraíonn sé, tá sé ar an sciar is mó sa mheascán sin i gcónaí, agus ba le gás nádúrtha a bhain tuairim agus an tríú cuid den soláthar iomlán fuinnimh in 2024, soláthar ar allmhairíodh an chuid ba mhó de ón iasacht. Dá bhrí sin, ní mór tuilleadh leasa a bhaint as acmhainneacht foinsí in-athnuaite fuinnimh in Éirinn. Creat cuíchóirithe pleanála agus ceadaithe a chur chun feidhme, amhail na heilimintí a shainítear sa tríú Treoir maidir le fuinneamh in-athnuaite, sin rud a bheadh ina chuidiú ó thaobh tuilleadh cur in úsáid a éascú. Spreagann an Cháin ar Charbón dícharbónú ar fud an gheilleagair, agus socraíonn sí comhartha soiléir praghais do thruaillitheoirí, ach baintear an bonn de na comharthaí praghais céanna toisc fóirdheontais neamh-spriocdhírithe bhuana um breoslaí iontaise a bheith ann. Dá bhrí sin, tá gá le bearta breise chun tuilleadh spreagtha a thabhairt i dtreo agus go laghdófar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise.

(26) Bacainn ar ghnóthú spriocanna aeráide is ea na riachtanais mhóra infheistíochta atá gan chomhlíonadh maidir leis an eangach leictreachais. Éileamh intíre níos airde a bheith ar an leictreachas, agus sciartha níos mó de ghiniúint leictreachais in-athnuaite inathraithigh a bheith á gcomhtháthú, sin dhá rud ar géire dá mbarr an gá atá le bonneagar fuinnimh feabhsaithe maidir le tarchur, dáileadh agus stóráil go háirithe. De bharr méadú a theacht ar rátaí ciorrúcháin agus ar shrianta eangaí, mar thoradh ar infhaighteacht theoranta acmhainneachta, tá sreabhadh an leictreachais in-athnuaite á theorannú, tá astaíochtaí á méadú agus tá praghsanna leictreachais á n-ardú. Dá bhrí sin, tá gá le bonneagar eangaí nuachóirithe agus leathnaithe chomh maith le hiarrachtaí níos tréine ar fheabhas a chur ar a bhfuil de sholúbthacht sa chóras leictreachais, ar solúbthacht í atá bunaithe ar bhreosla neamhiontaise, ar mhaithe le fuinneamh a aistriú go héifeachtúil ó lárionaid ghiniúna go dtí lárionaid éilimh. Cé gur leithdháileadh cistiú nach beag chun an eangach a leathnú agus a nuachóiriú, tá cur i gcrích na n-infheistíochtaí gan chur chun feidhme i gcónaí. Baineadh cloch mhíle thábhachtach amach maidir le suiteáil méadar cliste, agus rochtain anois ag thart ar 80 % de theaghlaigh ar shonraí tomhaltais fíor-ama, ach is gá feabhas a chur ar inrochtaineacht na sonraí sin agus tomhaltóirí a spreagadh a thuilleadh chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa mhargadh solúbthachta, trí bhearta um fhreagairt ó thaobh éilimh de, i measc nithe eile.

(27) Tháinig méadú 4,9 % ar astaíochtaí in earnáil na bhfoirgneamh in 2024, méadú arbh é ba chúis leis, go pointe, an stoc foirgneamh a bheith dian ar fhuinneamh, agus spleáchas ar bhreoslaí iontaise ó thaobh téamh spáis agus uisce de, rud a léiríonn go lom láidir gur gá an t-éileamh ar fhuinneamh a dhícharbónú. Cé go bhfuil méadú tagtha ar luas an iarfheistithe bliain i ndiaidh bliana, níl a oiread luais faoi go fóill agus a d'fhágfadh go mbainfí amach na spriocanna a leagtar amach sa straitéis um iarfheistiú. D'fhéadfaí tacaíocht bhreise maidir le hiarfheistiú teaghaisí príobháideacha a spriocdhíriú a thuilleadh freisin, sa chaoi go mbeadh an tacaíocht sin dírithe ar thionóntaí, ar thithíocht shóisialta nó ar theaghaisí ilárasán, sin nó ar na foirgnimh is neamhfheidhmiúla amuigh. Ina theannta sin, ach tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh leas a bhaint as féidearthacht an téamh ceantair, d'fhéadfaí an téamh a dhícharbónú ar bhealach costéifeachtach. Is foirgnimh phoiblí is cúis le sciar nach beag den tomhaltas fuinnimh neamhchónaithe, ach rinneadh iarrachtaí ar a n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, trí thionscadail iomadúla Treo-Aimsitheora maidir leis an earnáil phoiblí go háirithe. Léiríonn na réamhthorthaí dul chun cinn agus feabhsuithe nach beag maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus laghduithe foriomlána astaíochtaí araon. Dá bhrí sin, maidir le spriocanna 2030 a bhaint amach, tá sé tábhachtach leas leanúnach a bhaint as an taithí a fuarthas trí threo-aimsitheoir iarfheistiúcháin na hearnála poiblí.

(28) Baineann sciar nach beag den éileamh ar fhuinneamh le húsáideoirí móra fuinnimh i gcónaí. Tháinig méadú ar an tomhaltas leictreachais méadraithe i lárionaid sonraí idir 2023 agus 2024, agus ba iontu a úsáideadh an cúigiú cuid de sholáthar leictreachais na hÉireann. Meastar go bhféadfadh méadú teacht air sin de réir mar a leanfaidh an earnáil de bheith ag fás. D’eisigh Coimisiún na hÉireann um Rialáil Fóntas beartas nasctha deiridh i mí na Nollag 2025 maidir le lárionaid sonraí nua a nascadh leis an eangach leictreachais. Chuige sin, ní mór do lárionaid sonraí giniúint nó stóráil inseolta ar an láthair nó áitiúil a sholáthar, giniúint nó stóráil arb éard atá i gceist léi cothrom uasacmhainneacht allmhairiúcháin na lárionad sin. Ina theannta sin, faoi cheann tréimhse cur chun feidhme 6 bliana caithfear freastal ar 80 % d’éileamh bliantúil na lárionad sin le tionscadail nua bhreise um fhuinneamh in-athnuaite arb in Éirinn a bheidh siad lonnaithe. Cé gur céim thábhachtach atá sa mhéid sin, tá rioscaí ann maidir le gaibhniú breoslaí iontaise ar cheart aghaidh a thabhairt orthu. D’fhéadfaí an sciar eile den éileamh bliantúil a shásamh le giniúint fuinnimh ó bhreoslaí iontaise, rud a chuirfeadh in aghaidh dhícharbónú an chórais fuinnimh. Ina theannta sin, d’fhéadfadh an tréimhse cur chun feidhme 6 bliana cur le méadú mór ar ghiniúint fuinnimh ó bhreoslaí iontaise sa ghearrthéarma, rud a chuirfeadh isteach ar an sprioc 2030 maidir le laghdú astaíochtaí. A áirithiú a thuilleadh go bhfuil pleanáil spásúlachta úsáideoirí móra fuinnimh nasctha le hinfhaighteacht foinsí fuinnimh in-athnuaite agus srianta eangaí, go háirithe trí chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a shainaithnítear i straitéis LEAP, sin rud a bheadh ina rannchuidiú maidir le dul timpeall ar roinnt de na fadhbanna a bhaineann le nascadh breise.

(29) In Éirinn, chun an tsoghluaisteacht a dhéanamh níos inbhuanaithe, tá gá le tuilleadh infheistíochta i ngréasán iompair phoiblí níos comhtháite, ós rud é go bhféadfadh sé sin plódú uirbeach a mhaolú, soghluaisteacht an lucht saothair a fheabhsú agus tacú le fás inbhuanaithe. Ach feabhas a chur ar an nascacht idir ceantair thuaithe agus ceantair uirbeacha, laghdófaí an spleáchas ar ghluaisteáin, is fearr an rochtain a bheadh ar sheirbhísí i gceantair thuaithe, d'fhágfaí an fhorbairt eacnamaíoch níos cuimsithí, agus san am céanna, d'áiritheofaí go mbainfeadh gach réigiún tairbhe as an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin. Rud atá ríthábhachtach maidir leis an inrochtaineacht agus leis an dícharbónú is ea tuilleadh iarnróid astaíochtaí nialasacha a bheith ann. I ndáil leis an dúshlán a bhaineann le dícharbónú an iompair de bhóthar, moltar d'Éirinn dlús a chur le leathadh amach an bhonneagair luchtaithe leictrigh do ghluaisteáin agus do thrucailí araon. Chuideodh sé sin freisin ó thaobh glacadh feithiclí leictreacha a mhéadú. Tá dlús an bhonneagair luchtaithe leictrigh teoranta i gcónaí, i gceantair thuaithe chomh maith le ceantair eile. Ina theannta sin, tá bearnaí móra fós ann maidir le bonneagar luchtaithe feadh ghréasán bóithre GTE-I i gcomparáid leis na spriocanna don bhliain 2030 a leagtar amach sa Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha.

(30) Tá dúshláin roimh Éirinn maidir leis an aistriú i dtreo earnáil talmhaíochta níos inbhuanaithe. D'fhéadfaí astaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil sin a laghdú a thuilleadh chun comhlíonadh spriocanna intíre agus spriocanna an Aontais a áirithiú. Cé go leagtar síos mar sprioc sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide go laghdófar astaíochtaí 25 % faoi 2030, tugtar le fios sna sonraí sealadacha nach bhfuil ach laghdú beag tagtha ar astaíochtaí ó bhí 2018 ann, rud is ionann agus a rá gurbh fhéidir tuilleadh beart a dhéanamh. Ina theannta sin, d'fhéadfaí tuilleadh a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar rith chun srutha cothaitheach ón talmhaíocht, rud a dhéanann difear do cháilíocht na ndobharlach. Is stádas éiceolaíoch míshásúil a bhí ag thart ar leath na n-uiscí dromchla le linn an bhabhta measúnaithe dheireanaigh maidir le 2019-2024, mar a tuairiscíodh i sonraí ó Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil na hÉireann. Cé go ndearnadh bearta tábhachtacha chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, ach beartais bhreise agus cleachtais bhreise a fhorbairt, d'fhéadfaí cuidiú ó thaobh idir astaíochtaí gás ceaptha teasa agus chaillteanais cothaitheach a laghdú san aon am amháin.

(31) Tugadh an Plean Forbartha Náisiúnta cothrom ionas go ndéantar foráil anois ann maidir le leibhéil infheistíochta nach beag sa bhonneagar uisce. Tá sé ríthábhachtach cur chun feidhme tráthúil agus seachadadh éifeachtach a áirithiú chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh struchtúracha leanúnacha. Tá dúshláin maidir le hiontaofacht agus feidhmíocht chomhshaoil le sárú i gcónaí ó thaobh na cóireála fuíolluisce de, ós rud é go bhfuil an dul chun cinn i dtreo sásamh caighdeán á choinneáil siar toisc an bonneagar a bheith ag dul in aois, agus toisc go bhfuil an acmhainneacht cóireála teoranta. D'ainneoin feabhsuithe a bheith déanta, tá an ráta sceite ar na cinn is airde san Aontas i gcónaí, rud a léiríonn an gá atá le hiarrachtaí níos uaillmhianaí. Is lúide cosaint na hearnála sin fás déimeagrafach, riachtanais forbartha trasearnála, agus brúnna a bhaineann leis an aeráid. Tá tionscadail bhonneagair idir lámha a mheastar a bheidh ina chuidiú ó thaobh dul chun cinn de, ach tá sé ríthábhachtach i gcónaí iad a chur i gcrích, má tá i ndán agus go ndéanfar feabhsuithe nithiúla san áit a bhfuil fáil ar chistiú. Ina theannta sin, níl dul chun cinn déanta go fóill maidir le cur chun feidhme beart eacnamaíocha a bhaineann le húsáid iomarcach uisce, d'ainneoin creat dlíthiúil soiléir a bheith ann. Ach a áirithiú go gcuirfear chun feidhme bearta chun srian a chur le húsáid iomarcach uisce, dhreasófaí úsáid níos éifeachtúla, agus thacófaí le tacaíocht chobhsaí athléimneach do sheirbhísí uisce.

(32) Cé go bhfuil creat beartais don gheilleagar ciorclach bunaithe ag Éirinn, níl ach dul chun cinn teoranta déanta maidir le ciorclaíocht a bhaint amach, agus den chuid is mó, ní bhaineann an dul chun cinn sin ach leis na leibhéil is ísle d'ord na réiteach dramhaíola, rud a leagann béim ar an ngá atá le bearta níos uaillmhianaí agus níos córasaí. Tá an ráta úsáide ábhair chiorclaigh agus an ráta athchúrsála dramhaíola cathrach araon faoi bhun mheán an Aontais. Níl athchúrsáil pacáistíochta ar an mbóthar ceart ach oiread maidir le spriocanna an Aontais don bhliain 2025 a bhaint amach. Ar an iomlán, tá méadú ag teacht ar ghiniúint dramhaíola, ach tá an chóireáil dírithe go fóill ar phróisis diúscartha agus aisghabhála fuinnimh, amhail loscadh agus líonadh talún, agus déantar sciar suntasach den chóireáil thar lear. Tá patrúin den sórt céanna ann i gcás dramhaíl tógála agus dramhaíl scartála, an sruth dramhaíola is mó in Éirinn, sruth a bhfuil dúbailt tagtha air le 10 mbliana anuas. De réir leithdháileadh earnálach an Phlean Forbartha Náisiúnta tá suas le EUR 600 milliún curtha i leataobh do chláir a bhaineann leis an gciorclaíocht, agus tá sprioc náisiúnta leagtha síos chun an ráta úsáide ábhair chiorclaigh a mhéadú, ach, má tá i ndán agus go ndéanfar dul chun cinn maith, ní mór na nithe seo a leanas a bheith i gceist — uaillmhian bheartais níos mó, infheistíocht mhéadaithe, le haghaidh acmhainneacht athchúrsála intíre go háirithe, agus cur chun feidhme trasearnála, lena n-áirítear béim ar dhramhaíl tógála agus scartála. Forbairt ionstraimí eacnamaíocha nua agus neartú na mbeart atá ann cheana ach atá teoranta, sin dhá rud a d'fhéadfadh a bheith ina gcuidiú ó thaobh dreasachtaí a aistriú a thuilleadh ar fud ord na réiteach dramhaíola.

(33) I bhfianaise ról ríthábhachtach an chaipitil dhaonna maidir le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú, mhol an Chomhairle in 2026 go ngníomhódh na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar dhúshláin struchtúracha a bhaineann le caipiteal daonna i réimse na scileanna, an oideachais agus na hoiliúna, ar dúshláin iad a chuireann bac ar an iomaíochas. Na moltaí tírshonracha atáthar a dhíriú chuig Éirinn in 2026, d'fhéadfaidís a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas.

(34) Tá gá le soláthar níos airde tithíochta sóisialta chun an easpa dídine a laghdú agus chun cosaint a thabhairt do dheighleoga ioncaim ísle nach bhfuil in acmhainn praghsanna an mhargaidh cíosa phríobháidigh a íoc. Tá tógáil tithíochta inacmhainne agus tithíochta sóisialta á huas-scálú, ach tá sí i bhfad chun deiridh ar na spriocanna reatha agus ar an éileamh reatha i gcónaí; léiriú ar an méid sin is ea go bhfuil tuairim agus 61 500 teaghlach ar liostaí feithimh agus go bhfuil 66 047 dteaghlach eile ar an scéim um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta agus ar an scéim Cóiríochta Cíosa agus 5 706 theaghlach eile fós ar scéimeanna eile forlíonta cíosa. Tá infheistíocht nach beag déanta i dtithíocht shóisialta. Mar sin féin, tá srianta soláthair ann go fóill ó thaobh na foirgníochta de, agus is géire fós an srian atá le fás an tsoláthair tithíochta sóisialta mar gheall ar dhúshláin a bhaineann le hacmhainneacht, acmhainní agus pleanáil airgeadais na n-údarás áitiúil, agus le hinbhuanaitheacht agus cobhsaíocht maoiniúcháin na gcomhlachtaí tithíochta formheasta. Tá dúbailt tagtha ar an líon daoine atá gan dídean le 5 bliana anuas, agus níos mó daoine ag cur fúthu i lóistín éigeandála ná mar a bhí riamh cheana, mar atá 17 500 duine ar an iomlán, 5 500 leanbh ina measc. Ní raibh ach torthaí measartha ar na scéimeanna reatha um easpa dídine a chosc agus níorbh acmhainn dóibh deireadh a chur leis an méadú sin.

(35) Mar gheall ar an bhfás tapa atá tagtha ar phraghsanna tithe le 10 mbliana anuas, tá an tithíocht ag éirí níos neamh-inacmhainne i gcás ceannaitheoirí agus cíosaithe araon. Déanann an easpa tithíochta inacmhainne difear d'iomaíochas na hÉireann toisc go gcuireann sí isteach ar chumas gnólachtaí, FBManna go háirithe, oibrithe oilte a mhealladh, rud a chuireann brú ar phá. Tá tógáil teaghaisí nua ag dul i ndéine ach tá sí fós i bhfad ó bheith ag teacht le riachtanais tithíochta. Léiríonn sé sin an gá atá le gníomhaíocht leanúnach chun aghaidh a thabhairt ar shrianta acmhainneachta in earnáil na tógála cónaithe. Ar na srianta sin tá rochtain neamhleor ar bhonneagar, iompar agus fóntais mar shampla, gan dóthain talún a bheith ar fáil, éiginnteachtaí pleanála, roghanna maoiniúcháin neamhleora, easpa oibrithe tógála agus táirgiúlacht íseal san earnáil tógála.

(36) Is gníomhaithe ríthábhachtacha iad na húdaráis áitiúla i dtaobh chur chun feidhme an Chreata Pleanála Náisiúnta agus tá inniúlachtaí acu i roinnt earnálacha, an tithíocht agus an phleanáil san áireamh. Cuireadh moill ar infheistíocht sa bhonneagar agus ar chur chun feidhme beartais mar gheall ar shrianta riaracháin, srianta maoiniúcháin, agus srianta maidir leis na hacmhainní a cuireadh ar fáil lena n-aghaidh, agus ba chúiseanna iad sin freisin le bearnaí ó thaobh soláthar seirbhísí de a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar thionscadail tithíochta. Tugann sé sin chun suntais gur gá acmhainneacht na n-údarás áitiúil a threisiú, trí phleanáil airgeadais níos fadtéarmaí a chumasú cuir i gcás, chun borradh a chur faoi acmhainneacht áitiúil i dtaobh tionscadail tithíochta a chur i gcrích ar bhonn críochach.

(37) Tá margadh saothair na hÉireann fós láidir agus baineann rátaí ísle dífhostaíochta leis, ach is dúshlán fós é fás cuimsitheach a bhaint amach a rachaidh chun tairbhe do gach grúpa. Tá daoine faoi mhíchumas in Éirinn thíos i gcónaí le bearna fostaíochta atá go mór os cionn mheán an Aontais, agus is airde i bhfad an baol bochtaineachta ina gcás siúd. Freagrachtaí cúraim agus rochtain neamhleor ar sheirbhísí sóisialta, is mórbhacainní iad sin i gcónaí ar rochtain ar an margadh saothair i gcás tuismitheoirí aonair, ar daoine iad atá thíos le rioscaí bochtaineachta atá díréireach ard freisin. Chomh maith leis sin, tá ganntanas agus neamhréir scileanna i gceist in earnálacha ríthábhachtacha i gcónaí, rud a chuireann i dtábhacht an gá atá le tuilleadh for-rochtana agus le huas-sciliú i gcás daoine neamhghníomhacha. Trí infheistiú i scileanna, ba cheart gur fearrde cuimsiú sóisialta na ngrúpaí faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, tuismitheoirí aonair, Romaigh agus an Lucht Siúil, agus ba cheart go gcuideodh sé leo an bhochtaineacht a fhágáil ina ndiaidh.

(38) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2026 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2026 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na hÉireann, cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an chéad mholta, an dara moladh agus an tríú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (2) le cur chun feidhme an cheathrú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (3) le cur chun feidhme an seachtú moladh agus an aonú moladh déag maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (4) le cur chun feidhme an seachtú moladh maidir leis an limistéar euro agus cuidíonn moladh (6) le cur chun feidhme an chúigiú moladh maidir leis an limistéar euro.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh Éire in 2026 agus in 2027 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a mhol an Chomhairle an 10 Márta 2026. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, i gcomhréir le mír 53 sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 19 Márta 2026, agus inbhuanaitheacht fiachais agus éifeachtúlacht caiteachais á n-áirithiú ag an am céanna, chomh maith leis an mbuiséad a oiriúnú de réir a chéile chun caiteachas cosanta atá níos airde ó thaobh struchtúir. A áirithiú gur beart sealadach a bheidh i mbearta a dhéanfar chun tionchar an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, agus gur beart é atá dírithe ar theaghlaigh leochaileacha a chosaint nó ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnólachtaí dianfhuinnimh, dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh a chaomhnú agus a áirithiú go mbeidh a gcostas fioscach comhoiriúnach do na gealltanais faoi chreat fioscach an Aontais. An bonn cánach a leathnú chun na rioscaí a bhaineann le comhchruinniú ard ioncam cánach na hÉireann a laghdú. Leanúint de na hiarrachtaí chun bearta costéifeachtachta a chur chun feidhme sa chóras sláinte agus, an tráth céanna, dlús a chur leis an aistriú i dtreo cúram sláinte príomhúil uilíoch inrochtana.

2. Leanúnachas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú. An dlús cur chun feidhme a choinneáil ar bun faoi chláir an bheartais comhtháthaithe, rud arbh é an dúshraith a bheadh faoi, i gcásanna inarbh iomchuí, ath-leithdháileadh chuig tosaíochtaí straitéiseacha agus chuig na solúbthachtaí a comhaontaíodh i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma ar an gcreat beartais comhtháthaithe.

3. Méaduithe éifeachtacha leanúnacha ar an tacaíocht d’infheistíocht phoiblí T&F agus d’infheistíocht gnó T&F a áirithiú agus díriú ar chur chun feidhme fónta tráthúil beart, ionstraimí cistiúcháin dhírigh san áireamh, chun táirgiúlacht gnólachtaí intíre a fheabhsú. Foinsí maoinithe a leathnú le haghaidh gnólachtaí atá ag méadú trí rannpháirtíocht infheisteoirí institiúideacha sa chaipiteal fiontair agus cothromas príobháideach a éascú. É a chur ar a gcumas do theaghlaigh níos mó infheistíocht mhiondíola dhíreach a dhéanamh i margaí caipitil.

4. An spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Dlús a chur le cur in úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite, trí chreat cuíchóirithe ceadaithe, i measc nithe eile. Deireadh a chur leis na bacainní rialála atá fós ar sholúbthacht neamhiontaise. Dlús a chur le nuachóiriú agus leathnú an bhonneagair eangaí. An fhreagairt ó thaobh éilimh de a neartú. Bearta spriocdhírithe a chur chun feidhme a thacóidh le héifeachtúlacht fuinnimh i gcás foirgnimh phríobháideacha agus iarrachtaí a choinneáil ar bun i ndáil le foirgnimh phoiblí. Tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i réitigh téimh ceantair chun leas a bhaint as an deis atá ann maidir le téamh a dhícharbónú. A áirithiú go mbeidh ceangal idir nasc na n-úsáideoirí móra fuinnimh leis an eangach leictreachais, ar thaobh amháin, agus acmhainneacht bhreise in-athnuaite agus solúbthacht bhreise sa chóras, ar an taobh eile. Infheistíocht san iompar inbhuanaithe a neartú ar bhealach a chuirfidh éagothromaíochtaí réigiúnacha san áireamh, agus dlús a chur le leathadh amach pointí luchtaithe a mbeidh rochtain ag an bpobal orthu le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha.

5. Beartais agus cleachtais talmhaíochta inbhuanaithe bhreise a dhreasú lena laghdaítear idir chaillteanais cothaitheach agus astaíochtaí. A áirithiú go ndéanfar infheistíochtaí i mbonneagar uisce chun feabhas a chur ar chóireáil fuíolluisce agus chun sceitheadh a laghdú, agus bearta a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar úsáid iomarcach uisce. Infheistíochtaí sa gheilleagar ciorclach a mhéadú chun feabhas a chur ar an acmhainneacht athchúrsála intíre, agus ionstraimí eacnamaíocha a fhorbairt a thuilleadh chun dramhaíl a chosc agus chun ábhar athúsáidte, athmhonaraithe agus athchúrsáilte a mhéadú.

6. Tuilleadh méadaithe a dhéanamh ar an soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne, agus eisiamh tithíochta i gcás grúpaí leochaileacha a chosc agus a laghdú an tráth céanna. Leanúint de dhul i ngleic le srianta acmhainne in earnáil na tógála cónaithe trí na nithe seo a leanas a fheabhsú – rochtain ar bhonneagar, bainistiú talún, pleanáil, coinníollacha maoiniúcháin, an soláthar saothair agus modhanna foirgníochta. Treisiú le hacmhainneacht na n-údarás áitiúil ó thaobh tionscadail tithíochta a chur i gcrích. An margadh saothair agus cuimsiú sóisialta grúpaí faoi mhíbhuntáiste a neartú, trí fhor-rochtain agus uas-sciliú spriocdhírithe níos fearr a chur i bhfeidhm agus trí fheabhas a chur ar sholáthar seirbhísí sóisialta agus trí rochtain ar na seirbhísí sin a éascú.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*